# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT, 15 MEITHEAMH 2010 – MAIDIN, 9.30 - 12.00

## ROINN B

**(160 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Ar *leathanach 10 de Roinn* A tá achoimre, páirt-chomhlánaithe, ar bhuiséad teaghlaigh Uí Dhaimhín do na míonna Feabhra go Bealtaine 2010. Iarrtar ort an buiséad seo a chomhlánú trí na figiúirí cuí a iontráil sa cholún **'Iomlán'** agus na figiúirí atá in easnamh ó '**Eisíocaíochtaí Iomlána, Airgead Tirim Glan, Airgead Tirim Tosaigh agus Airgead Tirim Deiridh'.**

Ar an 1 Feabhra 2010 bhí €548 airgead tirim sa láimh ag teaghlaigh Uí Dhaimhín.

(11)

**(B)** Freagair na ceisteanna seo a leanas sna spásanna atá curtha ar fáil *ar leathanaigh 10 agus 11 de Roinn A.*

**(i)** Cad is buiséad ann?

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis go n-ullmhófaí buiséad.

**(iii)** Ainmnigh mí ar bith go bhfuil sé pleanáilte ag teaghlaigh Uí Dhaimhín easnamh a bheith acu **agus** méid an easnaimh sin.

**(iv)** Mol slí **amháin** chun an t-easnamh sin a shárú.

**(v)** An raibh sé pleanáilte ag teaghlaigh Uí Dhaimhín maireachtáil taobh istigh dá n-ioncam i rith na tréimhse Feabhra go Bealtaine 2010? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

**(vi)** Mol áit **amháin** ar féidir le teaghlaigh Uí Dhaimhín a gcoigilteas a chur. Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

(20)

**(C)** Ar an 14 Feabhra 2010 d'íoc Aindí Ó Daimhín a phréimh árachais beatha €619 le hÁrachas Páirce Tta le seic. Ós rud é gur seoladh an seic tríd an bpost shocraigh sé ar é a dhéanamh chomh slán agus ab fhéidir leis.

Comhlánaigh an Seic agus an Comhdhuille ar *leathanach 12 de Roinn A.*

(9)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo ar Chuntas Club.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí na Sócmhainní agus na Fiachais seo a leanas ag Club Seoltóireachta Bulben, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall ar an 1 Eanáir 2009:

Luaimh (Yachts) €110,000 Clubtheach €320,000 Airgead Tirim €14,000
Iasacht Fhadtréimhseach €128,500.

Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009:

| **Fáltais:** | **€** |
|---|---|
| Síntiúis | 8,700 |
| Táillí Iontrála Geallta Bád | 19,360 |
| Urraíocht Bhliantúil | 850 |
| Lató an Chlub | 2,750 |
| | |
| **Íocaíochtaí:** | **€** |
| Solas agus Teas | 1,680 |
| Ceannachán Trealaimh | 15,600 |
| Costais Ghinearálta | 3,460 |
| Costais Ghreallta Bád | 8,220 |
| Árachas | 1,870 |

Eolas breise ar an 31 Nollaig 2009:

(i) Solas agus Teas dlite €210

(ii) Síntiúis réamhíoctha €600

(iii) Dímheas Trealaimh de 15%.

(iv) Dímheas Luamh de 10%.

(v) Árachas réamhíoctha €160

**(A)** Ullmhaigh ráiteas ag ríomh Ciste Carntha an Chlub ar an 1 Eanáir 2009. (6)

**(B)** Ullmhaigh:

**(i)** Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2009.

**(ii)** Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2009. (29)

**(C)** Ainmnigh **dhá** shócmhainní a bhaineann le Club Seoltóireachta Bulben agus fiachas **amháin** de chuid an chlub. (5)

**(40 marc)**

**3.** **Baineann an Cheist seo le Fás Geilleagrach, Boilsciú agus Trádáil.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Tá meath suntasach tagtha ar an bhfás geilleagrach in Éirinn.

**(i)** Mínigh an téarma '**fás geilleagrach**'.

**(ii)** Sainaithin an tomhas oifigiúil don fhás geilleagrach in Éirinn.

**(iii)** Ó thaobh gheilleagar na hÉireann de, mínigh **dhá** iarmhairt gheilleagracha a bheidh ann ón meath seo ar an dun chu cinn bhfás

(10)

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma **boilsciú.**

**(ii)** Sainaithin an tomhas oifigiúil den bhoilsciú in Éirinn.

**(iii)** Luaigh **dhá** chúis le boilsciú.

Taispeánann an clár seo a leanas ráta an bhoilseithe an ráta boilscithe i dtír le cúig bliana annuas:

| **Bliain:** | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ráta:** | 3% | 4% | 5% | 4% | 2% |

**(iv)** Tarraing líneghraf **nó** barra-chairt chun an t-eolas thuas a thaispeáint.

**(iv)** Luaigh **dhá** bhuntáiste don tomhaltóir a bhain leis an ráta boilscithe íseal sa bhliain 2009.

(24)

**(C)** Tá tomhaltóir ag siopadóireacht le haghaidh iPod nua. Tá ceann sa siopa áitiúil ar €229. Ag siopadóireacht ar líne dó is féidir leis an sórt céanna a fháil ar $314.65 san SAM, seachadadh san áireamh. Téann sé go dtí a bhanc ag fiosrú na rátaí malairte reatha agus feiceann sé na rátaí seo a leanas luaite:

| AIRGEADRA | DÍOLANN AN BANC | CEANNAÍONN AN BANC |
|---|---|---|
| Dollar Meiriceánach | 1.45 | 1.55 |

**(i)** Ríomh costas an iPod 'ar líne' i Euro.
Taispeáin do chuid oibre.

**(ii)** Mínigh toradh eacnamaíoch **amháin** do gheilleagar na hÉireann má roghnaíonn tomhaltóir siopadóireacht a dhéanamh 'ar líne' ó SAM.

(6)

**(40 marc)**

**4.** **Baineann an Cheist seo le Tomhaltóir.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Ar an 24 Bealtaine 2010, cheannaigh Séan Ó hEireamhóin, Lána an Ché, Loch Garman, teilifís nua ar €280 ó NCTV Tta, An tSráid Mhór, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman. An lá ina dhiaidh sin, nuair a bhí sé á úsáid reoigh an scáileán agus ní raibh sé ábalta an fhadhb a réiteach.

Chuir Séan glaoch teileafóin ar a chara a dúirt leis gur déanamh faoi bhun caighdeáin a bhí ann, agus bhréagbharainneacht ab ea a cheannachán agus gur shampla de thobcheannach a bhí ann.

Ar an 27 Bealtaine 2010, scríobh Séan chuig Bainisteoir NCTV Tta, ag tabhairt breac-chuntas ar an bhfadhb, ag cur fianaise cheannacháin isteach leis agus ag iarraidh modh amháin cúitimh.

**(A)** Scríobh an litir a sheol Séan chuig NCTV Tta ar an 27 Bealtaine 2010.

(18)

**(B)** **(i)** Ainmnigh an dlí tomhaltóirí a bhaineann leis an gcás seo.

**(ii)** Luaigh **dhá** phrionsabal ábhartha de dhlí na dtomhaltóirí a sáraíodh sa chás seo.

**(iii)** Sainaithin **dhá** shlí ina bhféadfadh le Séan fianaise cheannacháin a thaispeáint.

**(iv)** Minigh an **dá** théarma tomhaltóireachta a bhfuil líne futhu.

(16)

**(C)** Luaigh agus mínigh **dhá** chúis ar gá cosaint a thabhairt do thomhaltóir.

(6)

**(40 marc)**

**5.** **Baineann an Cheist seo le Daoine ag Obair.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhain Siobhán Ní Mháille céim amach ón gcoláiste i mí Mheán Fómhair 2009, agus le linn di bheith ag cuardach fostaíochta, bhí sí páirteach in obair dheonach. Tá sé ar intinn aici le tamall a gnó féin a bhunú agus le déanaí tairgeadh fostaíocht pháirtaimseartha di i gcúrsaí díolacháin le comhlacht áitiúil.

**(A)** **(i)** Mínigh an difríocht atá idir 'obair' agus 'fostaíocht'.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** scil a fhorbródh Siobhán agus í ag obair le le heagraíocht dheonach, a chabhródh léi a gnó féin a riaradh.

**(iii)** Minigh **dhá** chúis ar mhaith le Siobhán bheith féinfhostaithe.

**(iv)** Mínigh **dhá** riosca a bhaineann le féinfhostaíocht.

(22)

Mar fhostaí sa chomhlacht áitiúil d'íocfaí bunphá €220 in aghaidh na seachtaine le Siobhán móide coimisiún 5% ar a díolacháin iomlána. Chomh maith leis sin gheobhadh sí creidmheas cánach agus bhainfí asbhaintí reachtúla as a hollphá.

**(B)** **(i)** Minigh an téarma 'creidmheas cánach'.

**(ii)** Luaigh an **dá** asbhaint reachtúla a bhaintí as a hollphá.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar chuspóir **gach** ceann de na hasbhaintí reachtúla seo.

**(iv)** Dá ndíolfadh Siobhán luach €480 earraí in aghaidh na seachtaine ríomh a hollphá don tseachtain sin. Taispeáin do chuid oibre.

(18)

**(40 marc)**

**6.** **Ceist í seo a bhaineann le hIasacht agus le Coigilteas.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is mac léinn 18 mbhliana d'aois é Micheál Ó hEachthiarna atá sa chéad bhliain in IT Chorcaí. Chónaigh sé sa bhaile ariamh lena athair ag 44 Sráid na Mainistreach, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí. Is é uimhir a fhóin phóca ná 085-4959610 agus a sheoladh r-phost ná michealoheachthiarna@onbheag.ie.

Bhí gá aige le ríomhaire nua a cheannach, a chosnódh €1,800, le haghaidh a chuid oibre sa choláiste. Rinne sé roinnt taighde ar fhoinsí airgeadais a bheadh oiriúnach. Thaispeáin a chuid taighde dó go raibh scéim iasachta oideachais le 6% RCB ar fáil sa Chomhar Creidmheasa áitiúil, áit a bhfuil Cuntas Scairchoigiltis (Uimh. 2117/19) aige.

Bhí a athair, Seán (uimhir póin phóca 087-1794816), sásta a bheith ina ráthóir ar an iasacht agus shocraigh Micheál ar €30 a íoc in aghaidh na seachtaine ar feadh 66 seachtaine trí buanórdú óna Chuntas Reatha (Uimh. 2475637) ag A.I.B i Mainistir na Corann. Níl aon fhiachais chreidmheasa ar Micheál. Ar an 8 Nollaig, 2009, ghlaoigh sé isteach chuig an gComhar Creidmheasa áitiúil agus chomhlánaigh sé foirm iarratais le haghaidh a chéad iasachta.

**(A)** **(i)** Comhlánaigh an fhoirm iarratais ar iasacht bhán *ar leathanach 13 de Roinn A*.

**(ii)** Mínigh conas a ghníomhaíonn an córas Buanordaithe.

**(iii)** Luaigh and mínigh foinse **amháin** oiriúnach eile airgeadais atá ar fáil do Mhicheál chun a ríomhaire a cheannach.

**(iv)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheart a bheadh aige mar iasachtaí.

**(v)** Mínigh na téarmaí seo a leanas:

- RCB
- Ráthóir.

(30)

Nuair a bhí sé sa scuaine ina chomhar creidmheasa léigh Micheál go bhfuil na stiúrthóirí ag moladh díbhinn a íoc ar a Chuntas Scairchoigiltis. Tá an díbhinn seo inchánaithe ag 25% CCÚCT (DIRT).

**(B)** **(i)** Cad dó a seasann na ceannlitreacha CCÚCT?

**(ii)** Mínigh conas a ghníomhaíonn an córas CCÚCT.

**(iii)** Má tá cuntas Mhichíl dlite díbhinn €10 a thuilleamh roimh CCÚCT ríomh an méid den díbhinn sin a chuirfear lena chuntas. Taispeáin do chuid oibre.

(10)

**(40 marc)**

## NÁ DÉAN DEARMAD ROINN 'A' A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR

Leathanach Bán